CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/30 ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Eanáir 2021

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide sa tSiria, agus ag tabhairt aird ar an Aire Gnóthaí Eachtracha a ceapadh le déanaí, Faisal MEKDAD, ba cheart é a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Eanáir 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"311.	Faisal MEKDAD (a.k.a. Fayçal, al-Mekdad; Meqdad, al-Meqdad (فيصل المقداد)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Ghasm, Daraa Governorate, Syria; Inscne: Fireann	Minister of Foreign Affairs. I mí na Samhna 2020 a ceapadh. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá cuid den fhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	15.1.2021"